Uisce Éireann
Irish Water

# Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre

Leabhrán ar Chomhairliúchán an Tionscadail

Eanáir 2025



**Delivering Water Services for Ireland**

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040





# Cúlra an Tionscadail

## Is é an cuspóir atá ag Uisce Éireann ná dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le seirbhísí uisce ceannaireachta bunathraithe a sholáthar a chuireann ar chumas na bpobal dul ó neart go neart.

Tionscadal ó ghlúin go glúin is ea Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ('An Tionscadal atá Beartaithe') agus is é an chéad bhonneagar mór 'foinse nua' sa réigiún le 60 bliain anuas.

Soláthrófar leis foinse shábháilte, shlán, inbhuanaithe soláthair uisce atá riachtanach chun tacú lenár ndaonra agus lenár ngeilleagar atá ag méadú, lena n-áirítear an t-éileamh ar thithíocht. Is tionscadal é lena gcuirfear ar ár gcumas oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide trínár bhfoinsí soláthair uisce a éagsúlú.

Soláthrófar leis leibhéil fheabhsaithe seirbhíse do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre, lena n-áirítear soláthar uisce athléimneach do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath (MBÁC), bonneagar lena mbeidh acmhainn d'asbhaintí chun freastal ar phobail i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí feadh an bhealaigh, agus lena mbeidh an cumas forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn ar fud an Réigiúin. Éascófar leis freisin soláthairtí uisce a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath faoi láthair a atreorú chuig contaetha Lú, na Mí, Chill Mhantáin, Cheatharlach agus Chill Dara.

# Gá le soláthar uisce fadtéarmach agus inbhuanaithe do Réigiún an Oirthir agus an Láir

## Easnamh Soláthair Uisce

Tá easnamh in iontaofacht an tsoláthair uisce óil i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath cheana. Bhí bristeacha forleathana ann le blianta beaga anuas de bharr teagmhais aimsire shéasúracha mar thoradh air sin. I Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre i gcoitinne, meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 10% ar an éileamh iomlán arna spreagadh ag méadú 25% ar an daonra réigiúnach. Mura ndéantar rud ar bith, tiocfaidh méadú suntasach ar an easnamh uisce sa réigiún sin.

Faoi 2044, meastar go mbeidh 34% níos mó uisce ná mar atá ar fáil faoi láthair de dhíth.

Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann mar gheall an easpa foinse uisce nua don réigiún. I roinnt limistéar, d'fhéadfadh sé go gcialldóh sé sin srianta ar thithíocht nó ar naisc soláthair uisce tráchtála do chustaiméirí nua faoi dheireadh na ndeich mbliana seo. Chomh maith leis sin, beidh bristeacha agus srianta ar sholáthar uisce roimh na custaiméirí reatha ar bhonn níos minice le himeacht ama.

## Astarraingt Inbhuanaithe

Soláthraítear le foinse amháin faoi láthair, An Life, 85% de na riachtanais uisce do 1.7 milliún duine i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, ina gcuimsítear Baile Átha Cliath agus codanna den Mhí, Cill Dara agus Cill Mhantáin. Ina theannta sin, níl 67% de na criosanna acmhainní uisce i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre ábalta iontaofacht leordhóthanach a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tá róspleáchas ar fhoinse amháin ina laige chriticiúil sa soláthar uisce agus ní mór beart a dhéanamh lena chinntiú gur féidir le soláthar uisce Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre freastal ar an éileamh reatha agus ar an éileamh amach anseo.

Chomh maith leis sin, le córas nua ceadúnaithe astarraingthe chun cloí leis an gCreat-Treoir Uisce, d'fhéadfaí an méid uisce is féidir linn a asbhaint as na foinsí uisce reatha sin a laghdú amach anseo.

## Easpa Athléimneachta

Dearadh an Tionscadal Soláthair Uisce chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí sa chóras soláthair uisce reatha. Trí fhoinse nua uisce a thabhairt isteach ó Abhantrach an Phairtín ar an tSionainn, féachtar leis an tionscadal leis an soláthar uisce a éagsúlú, rud a chuirfidh feabhas ar an athléimneacht i leith an athraithe aeráide agus cur isteach eile.

Tá laghdú sceite ina chomhpháirt shuntasach de straitéis Uisce Éireann chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tsoláthair uisce agus is é an sprioc náisiúnta sceitheadh a laghdú go 25% faoi 2030. I Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, tá an sprioc níos uaillmhianaí fós, ag féachaint leis an sceitheadh a laghdú go dtí faoi bhun 20% faoi 2030. Níl deisiú na sceití ach ina chuid den réiteach, áfach, mar ní thabharfar aghaidh leis ar chás an easnaimh sa soláthar uisce atá ag dul i méid agus easpa athléimneachta an tsoláthair.

## Athrú Aeráide

Leis an athrú aeráide, méadófar an brú ar na soláthairtí uisce atá ann cheana trí infhaighteacht a laghdú agus an dóchúlacht go dtarlóidh triomach a mhéadú. Dá bhrí sin, tá soláthar uisce nua riachtanach chun leochaileacht na soláthairtí sin i leith an athraithe aeráide a laghdú.

Leis an Tionscadal atá Beartaithe, cruthófar droim uisce ar fud na tíre. Forbrófar leis foinse nua uisce fadtéarmach a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de chun freastal ar éilimh an daonra agus an gheilleagair atá ag méadú, lena n-áirítear an gá le tithíocht agus cuideoidh sé linn ár soláthairtí uisce a oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide.

## Fás Daonra agus acnamaíoch

Meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 26% ar dhaonra réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre

faoi 2044, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar sheirbhísí uisce. Soláthrófar leis an Tionscadal Soláthair Uisce soláthar uisce a bheidh slán agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a bheidh ábalta freastal ar suas le 50% de dhaonra an Stáit. Éascófar leis an t-éileamh méadaithe ar thithíocht, éascófar fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus tacófar leis an iomaíochas ar fud an Réigiúin.



# Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an Tionscadal atá Beartaithe?

**LEIBHÉIL FHEABHSAITHE SEIRBHÍSE**
tithe agus gnólachtaí sa Réigiún

An cumas chun soláthar uisce **INBHUANAITHE** ATÁ **ATHLÉIMNEACHT IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE**
**A CHRUTHÚ DO SUAS LE 50% DE DHAONRA AN STÁIT**

Bonneagar lena bhfuil an acmhainn le haghaidh ashbaintí chun soláthar a chur ar fáil do phobail agus don tionscal
**I DTIOBRAID ÁRANN, IN UÍBH FHAILÍ AGUS SAN IARMHÍ**
feadh an bhealaigh

**FREASTALAÍTEAR AR NA HÉILIMH SOLÁTHAIR UISCE**
i ndáil leis an daonra, tithíocht agus fás eacnamaíoch

Athléimneacht níos fearr in aghaidh thionchar an
**ATHRAITHE AERÁIDE**
trí oiriúnú don aeráid agus soláthar foinse nua, inbhuanaithe soláthair uisce.

**FREASTAIL AR AN ÉILEAMH AR UISCE**
laistigh de Chrios Acmhainní Uisce Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go 2050 agus níos faide i gcéin

**MÉADÚ AR ATHLÉIMNEACHT AGUS AR INBHUANAITHEACHT**
sa soláthar uisce trí éagsúlú foinsí go Lú, an Mhí, Cill Dara, Cill Mhantáin agus Ceatharlach agus soláthar uisce nua a bheidh ábalta freastal ar phobail feadh an bhealaigh i dTiobraid Árann, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí amach anseo.





# An Tionscadal atá Beartaithe

Tá na réitigh fhéideartha don soláthar uisce a theastaíonn i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre lena n-áirítear Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath á n-athbhreithniú le breis agus 25 bliain. Breithníodh na céadta rogha go dtí seo.

Is é réiteach roghnaithe foinse nua soláthair uisce ón tSionainn a bheidh ábalta freastal ar na heasnaimh ar éileamh an tsoláthair uisce agus feabhas a chur ar athléimneacht an tsoláthair agus leibhéil seirbhíse sa réigiún.

Déanfar an astarraingt ó Abhantrach an Phairtín, suas an abhainn ó Chora an Phairtín agus tiocfaidh sí as uisce a úsáideann BSL faoi láthair chun cumhacht a ghiniúint ag Ard na Croise. Is é 300 milliún lítear in aghaidh an lae an méid uasta uisce a bhainfear leis an Tionscadal atá Beartaithe, méid a bheidh níos lú ná 2% den mheánsreabhadh sa tSionainn agus in Abhantrach an Phairtín.

Tá sé beartaithe go ndéanfar amhuisce a bhaint ag láithreán iontógála ar chladach thoir Abhantrach an Phairtín, Contae Thiobraid Árainn agus go n-aistreofar é achar 2km trí phíblíne ag ionad cóireála uisce gar do Chnocán an Éin Fhinn. Tá sé beartaithe go ndéanfar an t-uisce cóireáilte a phíobú ansin feadh170km trí phíblíne chruach 1.6m ar trastomhas trí chontaetha Thiobraid Árann, Uíbh Fhailí agus Chill Dara go dtí taiscumar pointe foirceanta ag Mullach na Pise i gContae Bhaile Átha Cliath, á nascadh le líonra soláthair uisce Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

**50%**

Tá an acmhainn le bonneagar an Tionscadail atá Beartaithe freastal ar riachtanais soláthair uisce suas le 50% de dhaonra an Stáit.

Stáisiún Iontógála agus Caidéalúcháin Amhuisce ar chladach thoir Abhantrach an Phairtín, Contae Thiobraid Árann.

Ionad Cóireála Uisce Ionnaithe i mbaile fearainn na hInse Beag i gContae Thiobraid Árann, 2.6km soir ó thuaidh ó shráidbhaile Chnoc an Éin Fhinn.

Umar Scaoilte Brú in aice le Cloch Shiurdáin, Contae Thiobraid Árann, Stáisiún.

Caidéalúcháin Neartaithe soir ón mBiorra, Contae Uíbh Fhailí.


Comhla Rialaithe Sreafa in aice le Collchoill, Contae Chill Dara.


Taiscumar Pointe Foirceanta ag Mullach na Pise, Contae Bhaile Átha Cliath.

**2%**

Beidh an méid uisce a bhainfear leis an Tionscadal atá Beartaithe cothrom le 2% ar a mhéad de shreabhadh bliantúil fadtéarmach na Sionainne ag Abhantrach an Phairtín, an abhainn is faide sa tír.

# Bealach na Píblíne atá Beartaithe




Water Supply Area that the Proposed Project provides the capacity to supply



# Tógáil na Píblíne

Den chuid is mó, rachaidh bealach 172km na píblíne tríd an tuath oscailte agus déanfar an tógáil trí thrinse gearrtha oscailte go ginearálta. Beidh leithead oibre tógála de dhíth ar bhonn sealadach le haghaidh thréimhse tógála na píblíne. Go ginearálta beidh an leithead oibre fálaithe 50m ar leithead agus beidh sé níos leithne ag gnéithe amhail trasrianta bóthair, iarnróid agus abhann, pointí teacht isteach agus dul amach ón ngréasán bóithre poiblí agus lostaí Stórála Píopaí.

Beidh cead slí buan 20m ar leithead ag teastáil chun rochtain agus cothabháil na píblíne i ndiaidh na tógála a éascú.

Beidh naoi gcumasc tógála ann chun tacú leis an obair sin agus beidh cúig cinn díobh sin ag láithreacha na Láithreán Bonneagair atá beartaithe. Glacfaidh tógáil an bhonneagair bhuan ag na láithreáin bhonneagair suas le cúig bliana agus is é an tIonad Cóireála Uisce an clár is faide.

Beidh an tógáil difriúil ag gach láithreán ach áireofar leis den chuid is mó rochtain tógála, glanadh agus ullmhú an láithreáin, créfoirt agus tógáil na bhfoirgneamh ar an láthair. Ag deireadh na tógála déanfar díshlógadh agus athbhunú lena n-áirítear plandú ar an láthair.

# Oibriú an Tionscadail atá Beartaithe

Bainfear úsáid as meascán de chaidéalú agus de dhomhantarraingt chun an t-uisce a bhogadh tríd an bpíblíne. Déanfar amhuisce a chaidéalú feadh achar 2km ón Stáisiún Iontógála agus Caidéalúcháin Amhuisce go dtí an tIonad Cóireála Uisce. Déanfar an t-uisce cóireáilte a chaidéalú don chéad 37km den phíblíne ón Ionad Cóireála Uisce go dtí an tUmar Scaoilte Brú. Tá an tUmar Scaoilte Brú deartha lena lonnú ag an bpointe ard feadh na píblíne agus mar sin is uaidh sin is gnách go sreabhfaidh an t-uisce trí dhomhantarraingt feadh an 133km eile go dtí an Taiscumar Pointe Foirceanta. Rinneadh é sin chun an fuinneamh a theastaíonn chun uisce a bhogadh tríd an bpíblíne a laghdú agus mar sin laghdófar an fuinneamh a úsáidtear le linn na hoibríochta.


Ag amanna nuair a theastóidh méid níos airde uisce, déanfar an t-uisce a chaidéalú tríd an bpíblíne ón Stáisiún Caidéalúcháin Neartaithe go dtí an Taiscumar Pointe Foirceanta. Leis an Stáisiún Caidéalúcháin Neartaithe, soláthraítear an cumas don chaidéalú breise sin, nuair is gá.

Is leis an úsáid uisce i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre agus leis an éileamh gearrthéarmach réamh-mheasta a léireofar an méid uisce a bheidh le hastarraingt aon lá ar leith. Faoi 2050 beifear ábalta suas le 300 Milliún lítear a bhaint in aghaidh an lae agus soláthrófar leis sin an acmhainn chun soláthar a chur ar fáil do suas le 36 crios acmhainní uisce Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre.



# Cad atá ag tarlú anois?

Iarrann **Uisce Éireann** ar pháirtithe leasmhara agus ar gach páirtí ar suim leo an scéal aiseolas a thabhairt ar an Tionscadal Soláthair Uisce atá beartaithe do Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre sula gcuirfidh Uisce Éireann iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála níos déanaí i mbliana.










# Conas is féidir liom bheith páirteach?

Is é is cuspóir don chomhairliúchán deis a thabhairt chun aiseolas a thabhairt ar an Tionscadal Soláthair Uisce atá beartaithe i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre. Mairfidh an comhairliúchán poiblí ar feadh ocht seachtaine ar a laghad.

Chun aighneacht a dhéanamh déan í a sheoladh chugainn trí ríomhphost, foirm aiseolais nó sa phost faoin 4 Márta 2025. Is féidir le páirtithe leasmhara na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun a n-aiseolas a threorú. Ní ach áis é sin, áfach, agus breithneofar gach aighneacht ábhartha a gheofar mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán.

Óstálfaimid dhá sheimineár faisnéise poiblí ar an Tionscadal Soláthair Uisce atá beartaithe le linn na tréimhse comhairliúcháin freisin. Is féidir leat clárú do na himeachtaí sin ach cuairt a thabhairt ar **www.water.ie/watersupplyproject** nó teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail chun eolas a fháil.

## **Ceisteanna** Comhairliúcháin

1. Cad a cheapann tú faoi na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith leis an Tionscadal atá Beartaithe?
2. An bhfuil aiseolas ar bith agat faoi na príomh-chomhpháirteanna bonneagair den Tionscadal atá Beartaithe, amhail an stáisiún iontógála agus caidéalúcháin uisce, píblínte, ionad cóireála uisce, taiscumar stórála, stáisiún caidéalúcháin neartaithe agus umar scaoilte brú?
3. Cad a cheapann tú faoin gcur chuige tógála atá beartaithe, lena n-áirítear úsáid na mbóithre aitheanta don trácht tógála, agus suíomhanna na stórála sealadaí agus na limistéar oibre?
4. An féidir leat aon tuairimí a thabhairt maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Tionscadal atá Beartaithe ar an timpeallacht agus maidir leis na bearta atá beartaithe chun na tionchair sin a mhaolú?
5. An bhfuil aon tuairimí breise ar mhaith leat a roinnt maidir leis an Tionscadal atá Beartaithe?

Úsáidfear **an t-aiseolas a gheofar** mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán sin chun bonn eolais a chur faoi dhearadh agus faoi na tuarascálacha timpeallachta a ngabhann leis sula gcuirfear iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

## Imeachtaí Faisnéise Poiblí Buail Isteach

| LÁTHAIR | IONAD | DÁTA |
|---|---|---|
| Ballina | Lakeside Hotel | Wednesday 15th Jan |
| Nenagh | Abbeycourt Hotel | Thursday 16th Jan |
| Tullamore | Tullamore Court Hotel | Wednesday 22nd Jan |
| Birr | The County Arms | Thursday 23rd Jan |
| Johnstownbridge | Hamlet Court Hotel | Tuesday 28th Jan |
| Maynooth | Glenroyal Hotel | Wednesday 29th Jan |
| Webinar 1 | Online | Friday 7th Feb |
| Webinar 2 | Online | Tuesday 18th Feb |

Uisce Éireann
Irish Water

## Déan teagmháil

watersupply@water.ie

ROI: 01 2027770

If you would prefer to write to us, please send any correspondence to:

Water Supply Project, PO Box 13748, Dublin 16

Consultation closes on 4 March 2025

**Delivering Water Services for Ireland**